**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0166/2023**

28.4.2023

# ***I
# TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (AE) 2022/563 a mhéid a bhaineann le cúnamh macrairgeadais do Phoblacht na Moldóive
(COM(2023)0053) – C9-0011/2023 – 2023/0018(COD))

An Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

Rapóirtéir: Markéta Gregorová



*Aontaithe san éagsúlacht*

## *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann agus go bhfuil sé i gceist é a leasú le dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

## CLÁR

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ........................................................................................................6

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM BUISÉID ....................................................................................8

AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH ......................................................................12

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........13

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (AE) 2022/563 a mhéid a bhaineann le cúnamh macrairgeadais do Phoblacht na Moldóive**
**(COM(2023)0053) – C9-0011/2023 – 2023/0018(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0053),

– ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 212 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0011/2023),

– ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Buiséid,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (A9-0166/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh, lena nglacann sí ceannas ar thogra an Choimisiúin;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Leis an gcuairt a thug toscaireacht INTA le déanaí an 21-23 Feabhra 2023 ar Chisinau, tugadh gnéithe bunriachtanacha agus eolas ar an gcomhthéacs iomlán is gá le haghaidh Cúnamh Macra-Airgeadais (MFA) do Phoblacht na Moldóive. Chuir ár gcruinnithe le hionadaithe rialtais, le parlaiminteoirí, agus le páirtithe leasmhara ó ghnólachtaí agus ó cheardchumainn ar chumas na toscaireachta ar fad tuiscint níos fearr a bhunú ar na príomhghnéithe a bhaineann le bonn cirt a thabhairt don iarraidh sin ón Moldóiv ar thacaíocht MFA.

Bhí tionchar diúltach láidir príomhúil agus tánaisteach ag ionradh na Rúise ar an Úcráin ar gheilleagar na Moldóive. Mar thoradh air sin, tháinig crapadh ar gheilleagar na Moldóive, agus bhí tionchar diúltach ag an timpeallacht eacnamaíoch éiginnte ar an infheistíocht agus ar an trádáil i gcoitinne. Rinne an ghéarchéim fuinnimh, a bhí ní ba dhéine in 2022, i gcomhcheangal le titim i dtomhaltas teaghlaigh agus in infheistíochtaí, brú breise a chur ar airgeadas poiblí na Moldóive. Ina theannta sin, bíonn boilsciú ard ann mar thoradh ar an ardú géar ar phraghsanna fuinnimh. Is gnéithe agus teachtaireachtaí díobhálacha iad sin go léir do ghnólachtaí agus d'infheisteoirí.

D'iarr an Mholdóiv an oibríocht cúnaimh macrairgeadais atá ar siúl don Mholdóiv faoi láthair an 19 Samhain 2021. Leis an gcúnamh macrairgeadais, arb ionann é agus EUR 150 milliún, moltar trí thogra ón gCoimisiún an 24 Eanáir 2023, suim bhreise eile de 145 mhilliún a chur leis. Aontaíonn an Rapóirtéir leis na cuspóirí agus leis an réasúnaíocht don mhéadú sin agus athdhearbhaíonn sí go láidir an gá atá le dlúthpháirtíocht agus le tacaíocht a chothú do gheilleagar na Moldóive tríd an gcúnamh macrairgeadais leasaithe sin.

Cuireann an Rapóirtéir i bhfáth freisin gur gá an Mholdóiv a spreagadh le haghaidh athchóirithe, go háirithe sa chóras ceartais, sa smacht reachta agus sa chomhrac i gcoinne an éillithe. Is gnéithe bunriachtanacha iad sin den choinníollacht le haghaidh an chúnaimh macrairgeadais a iarradh. Ina theannta sin, i bhfianaise stádas Phoblacht na Moldóive mar thír is iarrthóir ar an Aontas, ní mór athchóirithe agus trasuí dhlí an Aontais sna hearnálacha a sainaithníodh a spreagadh agus a chur ar aghaidh freisin mar choinníollachtaí ar leibhéal polaitiúil do chúnamh an Aontais.

Gan amhras, beidh tairbhe ag baint le gach athrú a dhéanfar trí na hathchóirithe riachtanacha in earnáil an cheartais, in earnáil an tsaothair agus in earnáil an gheilleagair chun feabhas a chur ar an timpeallacht infheistíochta agus ar an ngeilleagar áitiúil.
Tarraingíonn an Rapóirtéir aird freisin ar an bhfíoras go bhfuiltear ag súil go mbeidh cur chun feidhme an togra sin fite fuaite le tacaíocht bhuiséadach bhreise AE arna maoiniú ag an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta. Ba mhian leis an Rapóirtéir comhpháirt deontais an chúnaimh macrairgeadais sin a mhéadú; leis an togra seo, áfach, tá an t-uasmhéid a d'fhéadfadh a bheith ann do dheiseanna deontais na bliana seo ídithe cheana féin.

Tá sé ríthábhachtach go ndéanfaidh an Coimisiún faireachán ar Pharlaimint na hEorpa agus go dtabharfaidh an Coimisiún athdhearbhú do Pharlaimint na hEorpa maidir leis na céimeanna gníomhaíochta i gcur chun feidhme an mheabhráin tuisceana agus an phróisis measúnaithe ina iomláine agus i gcomhlíonadh na coinníollachta. Tá sé ríthábhachtach freisin

leanúint de thacaíocht theicniúil a chur ar fáil don rialtas.

Tacaíonn an Rapóirtéir leis an togra maidir le cúnamh macrairgeadais don Mholdóiv agus cuireann sí i bhfáth a thábhachtaí atá sé an tacaíocht sin a thabhairt chun geilleagair Phoblacht na Moldóive.

19.4.2023

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM BUISÉID

chuig an gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

ar an togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (AE) 2022/563 a mhéid a bhaineann le cúnamh macrairgeadais do Phoblacht na Moldóive
(COM(2023)0053 – C9-0011/2023 – 2023/0018(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Siegfried Mureşan

## RÉASÚNÚ GEARR

Is geal leis an gCoiste um Buiséid an togra ón gCoimisiún an 24 Eanáir 2023 maidir le méadú EUR 145 mhilliún a dhéanamh ar an gCúnamh Macrairgeadais (MFA) leanúnach do Phoblacht na Moldóive, a bhfuil EUR 100 milliún in iasachtaí lamhháltais agus EUR 45 mhilliún i ndeontais i gceist leis, chun codanna dá riachtanais maoiniúcháin sheachtraigh in 2023 a chumhdach. Leis an togra nua seo, thabharfaí cothrom le EUR 295 mhilliún méid iomlán an chúnaimh macrairgeadais atá faighte ag an tír. Le linn thoscaireacht an Choiste um Buiséid chun na Moldóive ón 21 go dtí an 23 Feabhra 2023, phléigh Comhaltaí BUDG riachtanais bhuiséadacha na Moldóive, lena n-áirítear an cúnamh macrairgeadais, le húdaráis na Moldóive.
Tá geilleagar na Moldóive buailte go dona ag cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, mar thoradh ar shuaitheadh trádála, caillteanas ioncaim onnmhairiúcháin, ardú as cuimse ar phraghsanna bia agus fuinnimh chomh maith le boilsciú ard. Sa chomhthéacs sin, tugann an Coiste um Buiséid chun cuimhne go ndearna Parlaimint na hEorpa a chur i bhfáth, sa rún uaithi an 5 Bealtaine 2022 maidir le staid na himeartha i dtaca leis an gcomhar idir an tAontas agus an Mholdóiv, go raibh ‘togra nua maidir le cúnamh macrairgeadais bunriachtanach’ agus gur cheart é a bheith ‘comhdhéanta den chuid is mó de dheontais, seachas d’iasachtaí’. Is oth leis an gCoiste um Buiséid nach amhlaidh atá agus iarrann sé ar an gCoimisiún sciar na ndeontas a mhéadú i gcinntí a dhéanfar amach anseo i dtaobh cúnamh macrairgeadais. Tá an Coiste um Buiséid á iarraidh freisin ar an gCoimisiún meastóireacht a dhéanamh i dtaobh nár cheart oibríochtaí cúnaimh macrairgeadais don Mholdóiv a bheith mar chuid de straitéis cistiúcháin éagsúlaithe an Aontais chun rioscaí agus dliteanais fhoriomlána do bhuiséad an Aontais a laghdú, mar is amhlaidh i gcás na hÚcráine agus chun measúnú mionsonraithe a sholáthar ar líne (14 20 03 01) maidir le deontais MFA agus ar líne (14 02 01 70) maidir le soláthar ICFCI lena n-áirítear na solúbthachtaí buiséadacha atá fágtha do 2023.

Tugann an Coiste um Buiséid chun suntais freisin go mbeidh tacaíocht bhreise ag teastáil ón Moldóiv agus, dá bhrí sin, tuilleadh cúnaimh airgeadais agus theicniúil, lena n-áirítear trí ionstraim IPA III, ós rud é go bhfuil an Mholdóiv ina hiarrthóir ar aontachas anois. Iarrann sé ar an gCoimisiún togra a thíolacadh chun Rialachán IPA III a athbhreithniú dá réir sin a luaithe is féidir, lena n-áirítear togra chun buiséad foriomlán IPA III a mhéadú go leordhóthanach. Cuireann an Coiste um Buiséid i bhfáth a thábhachtaí atá sé comhlántachtaí a áirithiú idir cláir an Aontais agus acmhainní breise arna soláthar ag Institiúidí Airgeadais an Aontais agus ag Institiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta, ag na Ballstáit agus ag deontóirí eile.

Tugann an Coiste um Buiséid dá aire freisin go bhfuil an cúnamh breise MFA le scaoileadh in dhá eisíocaíocht sa tríú agus sa cheathrú ráithe de 2023, atá faoi réir dul chun cinn sásúil le clár an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta agus faoi réir chur chun feidhme na gcoinníollacha beartais nua atá le comhaontú idir an Mholdóiv agus an tAontas, a chuirfear leis an Meabhrán Tuisceana Reatha.

Ina theannta sin, iarrann an Coiste um Buiséid ar an gCoimisiún Eorpach an chuid eile den chúnamh macrairgeadais atá ar siúl faoi láthair a eisíoc gan mhoill.
Mar fhocal scoir, iarrann an Coiste um Buiséid ar an gCoimisiún na tuarascálacha mionsonraithe a chur ar fáil don údarás buiséadach maidir le comhlíonadh na gcoinníollacha beartais comhaontaithe atá le tíolacadh ag údaráis na Moldóive roimh gach eisíocaíocht, de mheon iomlán trédhearcachta.

*******

Iarrann an Coiste um Buiséid ar an gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta mar an coiste atá freagrach, a mholadh go nglacfaidh an Pharlaimint a seasamh ar an gcéad léamh, lena ndéanfaidh sí an togra ón gCoimisiún a ghabháil chuici féin.

## NÓS IMEACHTA – AN COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Leasú ar Chinneadh (AE) 2022/563 a mhéid a bhaineann le cúnamh macrairgeadais do Phoblacht na Moldóive |
| **Tagairtí** | COM(2023)0053 – C9-0011/2023 – 2023/0018(COD) |
| **An Coiste freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | INTA<br>13.2.2023 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | BUDG<br>16.3.2023 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Siegfried Mureşan<br>9.3.2023 |
| **Pléite sa choiste** | 28.3.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 17.4.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 35<br>–: 1<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Rasmus Andresen, Pietro Bartolo, Olivier Chastel, David Cormand, Andor Deli, Pascal Durand, José Manuel Fernandes, Eider Gardiazabal Rubial, Matteo Gazzini, Vlad Gheorghe, Valentino Grant, Valérie Hayer, Niclas Herbst, Monika Hohlmeier, Hervé Juvin, Joachim Kuhs, Zbigniew Kuźmiuk, Pierre Larrouturou, Camilla Laureti, Janusz Lewandowski, Margarida Marques, Siegfried Mureşan, Victor Negrescu, Andrey Novakov, Bogdan Rzońca, Nicolae Ştefănuță, Nils Torvalds, Angelika Winzig |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Anna-Michelle Asimakopoulou, Francisco Guerreiro, Fabienne Keller, Jan Olbrycht, Petri Sarvamaa |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Jérémy Decerle, Elena Kountoura, Željana Zovko |

## TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 35 | + |
|---|---|
| ECR | Zbigniew Kuźmiuk, Bogdan Rzońca |
| ID | Matteo Gazzini, Valentino Grant |
| NI | Andor Deli, Hervé Juvin |
| PPE | Anna-Michelle Asimakopoulou, José Manuel Fernandes, Niclas Herbst, Monika Hohlmeier, Janusz Lewandowski, Siegfried Mureşan, Andrey Novakov, Jan Olbrycht, Petri Sarvamaa, Angelika Winzig, Željana Zovko |
| Renew | Olivier Chastel, Jérémy Decerle, Vlad Gheorghe, Valérie Hayer, Fabienne Keller, Nils Torvalds |
| S&D | Pietro Bartolo, Pascal Durand, Eider Gardiazabal Rubial, Pierre Larrouturou, Camilla Laureti, Margarida Marques, Victor Negrescu |
| The Left | Elena Kountoura |
| Verts/ALE | Rasmus Andresen, David Cormand, Francisco Guerreiro, Nicolae Ştefănuță |

| 1 | - |
|---|---|
| ID | Joachim Kuhs |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

## AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Leasú ar Chinneadh (AE) 2022/563 a mhéid a bhaineann le cúnamh macrairgeadais do Phoblacht na Moldóive |
| **Tagairtí** | COM(2023)0053 – C9-0011/2023 – 2023/0018(COD) |
| **Dáta tíolactha chun PE** | 24.1.2023 |
| **An Coiste freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | INTA<br>13.2.2023 |
| **Coistí ar iarradh tuairim orthu**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | BUDG<br>16.3.2023 |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Markéta<br>Gregorová<br>1.3.2023 |
| **Pléite sa choiste** | 1.3.2023 21.3.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 27.4.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 35<br>–: 1<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Barry Andrews, Tiziana Beghin, Saskia Bricmont, Jordi Cañas, Raphaël Glucksmann, Markéta Gregorová, Christophe Hansen, Heidi Hautala, Karin Karlsbro, Bernd Lange, Margarida Marques, Emmanuel Maurel, Alessandra Mussolini, Carles Puigdemont i Casamajó, Samira Rafaela, Catharina Rinzema, Inma Rodríguez-Piñero, Katarína Roth Neveďalová, Ernő Schaller-Baross, Helmut Scholz, Dominik Tarczyński, Kathleen Van Brempt, Marie-Pierre Vedrenne |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Anna Cavazzini, Andrey Kovatchev, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Liudas Mažylis, Javier Moreno Sánchez |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Pablo Arias Echeverría, Jessica Polfjärd, Elżbieta Rafalska, Evelyn Regner, Bogdan Rzońca, Christine Schneider, Isabella Tovaglieri, Loránt Vincze |
| **Dáta don chur síos** | 28.4.2023 |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 35 | + |
|---|---|
| ECR | Elżbieta Rafalska, Bogdan Rzońca, Dominik Tarczyński |
| NI | Tiziana Beghin, Carles Puigdemont i Casamajó, Ernő Schaller-Baross |
| PPE | Pablo Arias Echeverría, Christophe Hansen, Andrey Kovatchev, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Liudas Mažylis, Alessandra Mussolini, Jessica Polfjärd, Christine Schneider, Lóránt Vincze |
| Renew | Barry Andrews, Jordi Cañas, Karin Karlsbro, Samira Rafaela, Catharina Rinzema, Marie-Pierre Vedrenne |
| S&D | Raphaël Glucksmann, Bernd Lange, Margarida Marques, Javier Moreno Sánchez, Evelyn Regner, Inma Rodríguez-Piñero, Katarína Roth Neveďalová, Kathleen Van Brempt |
| The Left | Emmanuel Maurel, Helmut Scholz |
| Verts/ALE | Saskia Bricmont, Anna Cavazzini, Markéta Gregorová, Heidi Hautala |

| 1 | - |
|---|---|
| ID | Isabella Tovaglieri |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh